OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

| | |
|---|---|
| **Cód** | QA090 |
| **Teideal** | Múnlaí Leithdháilte Ualaigh Oibre |
| Úinéir an Pholasaí | An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí |
| **Dáta** | 19 Meitheamh 2023 |
| Faofa ag | An Chomhairle Acadúil |

## 1.0 Cuspóir

Is é an cuspóir atá le Múnla Leithdháilte Ualaigh Oibre acadúil ná a chinntiú go ndéantar obair a leithdháileadh ar bhonn cothrom agus réasúnta.
Ní mór do Mhúnla Leithdháilte Ualaigh Oibre acadúil na nithe seo a leanas a chinntiú freisin:

i. Tá leithdháileadh na hoibre bunaithe ar thosaíochtaí aonair, scoile, coláiste agus institiúide agus tacaíonn sé lena mbaint amach.

ii. Tá cothromaíocht chuí de ghníomhaíochtaí tugtha don fhoireann, rud a thacaíonn le sláinte agus folláine na foirne.

iii. Tá próiseas trédhearcach leithdháilte ann agus bíonn deis ag an bhfoireann ionchur a bheith acu i gcinntí maidir le leithdháileadh ualaigh oibre agus an toradh a chur in iúl go soiléir don fhoireann.

iv. Cuidíonn an leithdháileadh ualaigh oibre leis an bhfórsa saothair a gcuid oibre a phleanáil agus cinntíonn sé go gcuirtear taighde, scoláireacht, teagasc agus saoránacht ar ardchaighdeán ar fáil ar fud na hOllscoile.

## 2. Scóip

Baineann na treoirlínte leis an bhfoireann acadúil ar fad. Ba chóir go mbeadh múnla amháin ag leibhéal cuí bainistíochta, de ghnáth ag leibhéal na Scoile. Tá an Ceann Scoile freagrach as leithdháileadh ualaigh oibre a fhorbairt a bheidh ag teacht leis an treoir seo agus le tosaíochtaí na Scoile. Féadfaidh an Ceann Scoile freagracht as leithroinnt an ualaigh oibre a tharmligean chuig duine/daoine, faoi réir ag maoirseacht an Chinn Scoile.

## 3. Na Prionsabail

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag an gcur chuige maidir le leithdháileadh ualaigh oibre ar fud na hOllscoile, ag cruthú comhsheasmhachta, agus ag an am céanna ag ceadú solúbthachta chun difríochtaí a bhaineann go sonrach le Scoileanna a léiriú.

i. Tá an cur chuige maidir le leithdháileadh ualaigh oibre, lena n-áirítear cinntí agus comhráite a bhaineann leo, mar bhonn agus mar thaca ag ár gcroíluachanna **meas, sármhaitheas, oscailteacht** agus **inbhuanaitheacht**.
ii. Tá sé mar aidhm ag leithdháileadh ualaigh oibre comhionannas deiseanna a chur chun cinn don fhoireann acadúil ar fad trí chomhoibriú idir comhghleacaithe i dtimpeallacht choláisteach.
iii. Déanfar an t-ualach oibre a leithdháileadh go cothrom agus go trédhearcach agus a dháileadh ar an bhfoireann acadúil.
iv. Beidh próiseas trédhearcach ann chun plé a dhéanamh leis an bhfoireann agus chun iad a chur ar an eolas maidir leis an obair a bheidh leithdháilte go haonar.
v. Ní bheidh aon ró-leithdháileadh nó tearc-dháileadh oibre suntasach nó fadálach thar thimthriall 3 go 5 bliana i gcomparáid le piaraí. D'fhéadfadh go mbeadh gá le coigeartú cuí mar gheall ar chúinsí pearsanta, arna nochtadh do agus arna ndoiciméadú ag an gCeann Scoile agus

Acmhainní Daonna (AD). Beidh leithdháileadh an ualaigh oibre ag teacht le hionchais réasúnacha na cothromaíochta oibre-saoil agus prionsabail an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe (EDI), agus cuirfear san áireamh imthosca pearsanta a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ualach oibre, mar iad seo a leanas:

- saoire chosanta mar shaoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire atruach, saoire force majeure, agus saoire cúramóra, nó saoire teaghlaigh eile;
- obair pháirtaimseartha;
- socruithe réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas;
- tréimhsí saoire a bhaineann le drochshláinte nó míchumas;
- tréimhsí neamhláithreachta a eascraíonn as athshannadh inscne;
- sosanna gairme;
- saoire shabóideach.

Cruthóidh cruinnithe idir an fostaí agus an Ceann Scoile nó ainmní dá c(h)uid deis chun aon solúbthacht agus/nó nithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun leithdháileadh oibre cothrom a chinntiú agus cuideofar le timpeallacht oibre atá folláin.

vi. Cuirfear liúntais inchomparáide ar fáil do thascanna taighde & scoláireachta, teagaisc & foghlama agus cion oibre & saoránachta comhchosúla ar fud na hOllscoile, agus ag an am céanna aithneofar na héilimh éagsúla a bhaineann le róil ar leith ar fud na gColáistí agus laistigh de Scoileanna.

vii. Cumasóidh leithdháileadh ualaigh oibre go mbeidh cothromaíocht idir ghníomhaíocht an duine aonair i dteagasc & foghlaim, taighde & scoláireacht agus cion oibre & saoránacht a shamhlú agus a dháileadh go cuí thar thréimhse ama.

viii. Ní mór don fhoireann acadúil ar fad cur go suntasach le dualgais teagaisc agus foghlama, taighde agus scoláireachta agus dualgais eile, agus ar an tslí sin go gcomhlíonfar na bunghnéithe coláisteachta mar lucht léinn san Ollscoil.

ix. Glacfar cur chuige praiticiúil agus réalaíoch maidir le próiseas leithdháilte an ualaigh oibre, agus aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le cuntas a thabhairt ar am foirne.

x. Níor cheart go mbeadh gá le hiarracht dhíréireach le cothabháil a dhéanamh ar an bpróiseas.

xi. Ba cheart go n-athródh an cur chuige gach bliain chun aon athruithe san iarracht a theastaíonn le haghaidh dualgas a chomhlíonadh a léiriú, chomh maith le haon neamhéifeachtúlachtaí sa tslí ina n-oibrímid a aithint agus deireadh a chur leo.

xii. Beidh leithdháileadh ualaigh oibre sofhreagrúil agus solúbtha, rud a chuirfidh ar chumas na hOllscoile freagairt d'fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ualaí oibre in aon seimeastar nó bliain acadúil ar leith.

xiii. Beidh leithdháileadh ualaigh oibre oiriúnach don ról agus cuirfear san áireamh riachtanais na Scoile agus tosaíochtaí aonair agus spriocanna forbartha.

## 4. Gníomhaíochtaí

Ba chóir go gcuimseodh múnlaí leithdháilte ualaigh oibre na príomhréimsí seo a leanas de ghníomhaíochtaí acadúla mar atá sainmhínithe sna Próifílí Acadúla: Taighde & Scoláireacht; Teagasc & Foghlaim; Cion Oibre & Saoránacht. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar na gníomhaíochtaí i ngach ceann de na réimsí seo sa chuid acmhainní Arduithe Céime Acadúla.

## 5. Leithdháileadh Ama

### I. Institiúideach

Tá raon ról atá inchomparáide trasna na hinstitiúide. Áirítear comhréir institiúideach molta den raon ama leithdháilte do dhaoine aonair sna róil sin ag Aguisín 1.

### II. Na Coláistí

Ba chóir go n-aontódh Boird Feidhmiúcháin na gColáistí leithdháileadh ama do ghníomhaíochtaí atá coitianta ar fud an Choláiste de réir mar is gá. I measc na samplaí tá am le haghaidh ullmhúchán agus seachadadh teagaisc, gníomhaíochtaí measúnaithe, forbairt curaclaim srl., ag cur líon na mac léinn san áireamh. Féadfaidh Bord Feidhmiúcháin na Scoile athruithe sonracha breise a dhéanamh, faoi réir fhaomhadh an Choláiste.

## 6. Tionchar Éigeandálaí nó Cúinsí Neamhghnácha

Cuirfidh Leithdháileadh Ualach Oibre Acadúil san áireamh athruithe ar phatrúin oibre mar fhreagra ar éigeandálaí nó cúinsí neamhghnácha (cosúil le paindéim COVID-19) agus éileofar ar bhainisteoirí tionchar imeachtaí den sórt sin a mheas, go háirithe orthu siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, chomh maith le haon iarrachtaí speisialta a dhéanann an fhoireann chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn astu a aithint.

## 7. Treoirlínte Oibriúcháin (le héifeacht Meán Fómhair 2023)

I. Soláthraíonn bainistiú leithdháiltí ualaigh oibre bealaí le sonraí a ghabháil chun faisnéis a chuideoidh linn cinnteoireacht a dhéanamh ar phleanáil fórsa saothair. Áirítear leis seo riachtanais reatha foirne a thuiscint, riachtanais foirne a chinneadh amach anseo, aon bhearnaí nó bearnaí foirne atá ann faoi láthair a aithint idir na riachtanais reatha agus na riachtanais a bheidh ann amach anseo, neamhéifeachtúlachtaí a aithint agus táirgiúlacht agus cáilíocht a fheabhsú. Chun tacú leis na haidhmeanna sin, moltar múnlaí leithdháilte ualaigh oibre a fhorbairt chun cabhrú le pleanáil don chéad Bhliain Acadúil eile agus ina dhiaidh sin.

II. Aithníonn an Ollscoil nach bhfuil uaireanta oibre sainithe ag comhaltaí foirne acadúla agus gur socrú solúbtha é seo a théann chun tairbhe na gcomhaltaí foirne féin, na mic léinn agus na hOllscoile trí chéile.

III. Chun críocha leithdháileadh an ualaigh oibre ba chóir múnla bunaithe ar 'uair an chloig barúlach' a úsáid le figiúr de 1635 uair (221 lá oibre x 7.4 uair in aghaidh an lae) le haghaidh taighde & scoláireachta, teagaisc & foghlama agus cion oibre & saoránachta, ag léiriú na n-uaireanta iomlána do chomhalta foirne lánaimseartha, mar bhunlíne. Déanfar líon iomlán na n-uaireanta a choigeartú dóibh siúd ar chonarthaí páirtaimseartha nó dóibh siúd nach bhfuil conradh lánaimseartha Ollscoile acu. Ba cheart go gcuirfí dóthain uaireanta solúbtha san áireamh i leithdháiltí ualaigh oibre ionas gur féidir freastal ar dhualgais neamhphleanáilte.

IV. Seo a leanas barúil ghinearálta oibre maidir le leithdháileadh ama comhréirigh:

| An Cineál Acadúla | Taighde & Scoláireacht | Teagasc & Foghlaim | Cion Oibre & Saoránacht |
|---|---|---|---|
| A | 20 % | 60 % | 20 % |
| B | 40 % | 40 % | 20 % |

Ba cheart na leithdháiltí ginearálta seo a chur in oiriúint do riachtanais na Scoile agus an duine aonair.

V. Moltar ualach teagaisc agus cion oibre laghdaithe a bheith ag ceapacháin sa chéad bhliain agus sa dara bliain dá bhfostaíocht. Ba chóir go mbeadh ualach teagaisc agus cion oibre ionchais de ghnáth

- Cineál A: sa chéad bhliain idir 60 agus 70% de ghnáthualacha scoile Chineál A agus sa dara bliain idir 80 agus 90% de ghnáthscoil Chineál A.
- Cineál B: sa chéad bhliain idir 50 agus 60% de ghnáthualacha scoile Chineál B agus sa dara bliain idir 75 agus 85% de ghnáthualach scoile Chineál B.

VI. Ba cheart gur cleachtadh bliantúil a bheadh ann leithroinnt an ualaigh oibre agus tús á chur leis an bpleanáil go luath san earrach gach bliain agus leithdháiltí a thabhairt chun críche go luath sa samhradh. Ba cheart an fhoireann a spreagadh chun a gcéadroghanna ualaigh oibre a phlé ag tús na sraithe pleanála agus ba chóir go mbeadh an leithdháileadh ualaigh oibre ag teacht lena dtosaíochtaí agus a spriocanna forbartha. Ba cheart am a leithdháileadh le haghaidh forbairt ghairmiúil a oireann don ról.

VII. Ní mór iarratais ar dheontais lena n-áirítear líne tiomnaithe buiséid do chostais foirne acadúla is féidir a úsáid le haghaidh clúdach teagaisc a chomhaontú roimh ré leis an gCeann Scoile nó leis an té atá ainmnithe. Breithneoidh an Ceann Scoile nó an té atá ainmnithe an t-iarratas chun go mbeifear ag teacht leis an tionscadal taighde, aonair, le riachtanais/tosaíochtaí na Scoile agus inmharthanacht an chumhdaigh earcaithe. I gcás deontas eile óna dteastaíonn am suntasach Príomh-Imscrúdaitheora/Comh-Imscrúdaitheora, b'fhéidir gur mhian leis an bhfoireann faoiseamh éigin teagaisc a iarraidh, go háirithe nuair a théann méideanna móra ama PI/CI thar an 40% ama a leithdháiltear go hiondúil le haghaidh taighde. Ba chóir cur chuige comhaontaithe ar fud an Choláiste a chur i bhfeidhm, ina gcothromaítear uasmhéadú na ranníocaíochta ioncaim in aghaidh riachtanais teagaisc, agus ba chóir don Cheann Scoile nó don té atá ainmnithe a chinntiú go léiríonn faoiseamh teagaisc go cruinn an t-am a chaitear ar an deontas.

VIII. Agus am á leithdháileadh don teagasc, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh: méid an ranga, leibhéal, modhanna múinte (e.g., léacht, obair phraiticiúil, rang teagaisc, saotharlann, stiúradh tionscadail, ar líne), agus modhanna measúnaithe lena n-áirítear marcáil, modhnóireacht agus aiseolas. Ba chóir a bhreithniú freisin ar modúl nua é an modúl, an bhfuil an duine aonair ag teagasc in ábhar nach ndearna siad roimhe seo*, an bhfuil athruithe suntasacha ar chur chuige seachadta nó ar ábhar an mhodúil, agus ar riachtanais de chuid chomhlachtaí creidiúnaithe agus gairmiúla más infheidhme.

* Sa chás go bhfuil laghdú tagtha ar ualach teagaisc mar thoradh ar cheapacháin níor cheart go ndéanfaí aon bhreithniú, maidir le leithdháileadh ama, maidir leis an duine a bheadh ag teagasc i réimse ábhair nach raibh déanta roimhe seo.

IX. Ba cheart go dtabharfaí leithdháileadh barúlach uaireanta maidir le freagrachtaí agus tascanna a thabhairt chun críche ar bhonn bliantúil, agus go n-aithneofaí go bhféadfadh sé go mbeadh go leor gníomhaíochtaí ag tarlú i dtréimhse ghairid ama i rith na bliana.

X. Ba cheart príomhróil cheannasaíochta a rothlú agus sa chás go mbíonn comhalta foirne freagrach as roinnt róil ba cheart dóibh an t-aitheantas cuí a fháil, féach Aguisín 2.

XI. Ba cheart do chomhalta foirne a mheasann go bhfuil a n-ualach oibre míréasúnta nó a mheasann go bhfuiltear ag caitheamh go héagórach leo maidir lena leithdháileadh ualaigh oibre, a n-imní a chur in iúl dá gCeann Scoile nó don té atá ainmnithe. Sa chás nach dtugtar aghaidh ar na hábhair imní trí chomhráite leis an duine atá ainmnithe ag an gceann scoile, cuirfear an cheist ar aghaidh chuig an gCeann Scoile féin. Mura dtugtar aghaidh ar na hábhair imní trí chomhráite leis an gCeann Scoile, cuirfear an cheist ar aghaidh chuig Déan an Choláiste.

XII. Féadfaidh an Ceann Scoile nó an té atá ainmnithe solúbthacht éigin a oibriú amach i gcás saoire neamhláithreachta nó scor conartha laistigh den mhúnla leithdháilte ualaigh oibre.

## 8. <u>Athbhreithniú</u>

Moltar go ndéanfadh Scoileanna agus Coláistí athbhreithniú bliantúil ar chleachtais leithdháilte ualaigh oibre agus go mbeidh an cur chuige i leith athbhreithnithe comhaontaithe roimh ré agus curtha in iúl don fhoireann.

Déanfaidh Acmhainní Daonna iniúchadh bliantúil ar shampla de Scoileanna, agus tuairisceofar d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT), lena chinntiú go gcloítear leis na prionsabail institiúideacha agus go gcoimeádtar cothroime agus comhsheasmhacht.

Aguisín 1

## Róil Institiúide

Is raon é an leithdháileadh a thugtar thíos, ina n-aithnítear go mbeidh an t-am iarbhír a thógfar chun an ról a chomhlíonadh ag brath ar roinnt nithe athraitheacha, amhail méid an Choláiste/na Scoile/na hInstitiúide nó an Ionaid Taighde, struchtúr ceannaireachta reatha na Scoile, cibé an bhfuil níos mó ná aon sealbhóir poist amháin ann, an éagsúlacht san ualach oibre ó bhliain go bliain etc.

| Ról | Raon ama leithdháilte comhréireach an ualaigh oibre |
|---|---|
| An Ceann Scoile | 70 – 80% |
| Déan Feidhmiúcháin an Choláiste | 80 – 90% |
| Stiúrthóir Institiúide Taighde | 60 – 80% |
| Stiúrthóir Lárionad Taighde SFI | 60 – 80% |
| Scoil faoi cheannas Athena SWAN | 5 – 20% |
| Leas-Déin an Choláiste | 20 – 60% |

Aguisín 2

## Sampla de Phríomhróil agus gníomhaíochtaí Ceannaireachta & Bainistíochta

Ní liosta uileghabhálach é an liosta seo. Sa chás go nglacann comhghleacaithe le ról ceannaireachta nó gníomhaíocht mar chomhchuid de leithdháileadh ar ról institiúideach, níor cheart go ndéanfaí aon leithdháileadh breise laistigh den mhúnla. Féadfaidh comhghleacaithe roinnt róil a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh leithdháileadh tiomnaithe laistigh den mhúnla ag cuid acu mar gheall ar a raon feidhme. Tá sé tábhachtach mar sin go n-aithnítear iarracht charnach an méid a dhéantar.

- Leas-Cheann Scoile
- Ceann an Disciplín nó Rannóige
- Ball d'Fheidhmeannas an Choláiste nó na Scoile
- Cathaoirleach Choiste an Choláiste nó na Scoile
- Stiúrthóir an Ionaid Taighde
- Stiúrthóir Cláir
- Oifigeach Sláine Acadúla
- Ball d'Údarás na hOllscoile
- Ball den Chomhairle Acadúil
- Cathaoirleach Choiste na hOllscoile
- Ball d'Fhoireann Féinmheasúnaithe Institiúideach Athena Swan
- Cathaoirleach Ghrúpa Oibre na hOllscoile
- Cathaoirleach Fhoireann Féinmheasúnaithe Scoil Athena Swan
- Ról substaintiúil ceannaireachta i gClub, i gCumann nó i Líonra Foirne na hOllscoile (e.g., Líonra na mBan, Líonra Foirne LADT+, Líonra Foirne Idirnáisiúnta etc.)
- Oifigeach Sláine Taighde
- Cathaoirleach Coiste Comhpháirtí seachtrach
- Ceann Bliana
- Ceannasaí Gairmiúil
- Scrúdaitheoir Seachtrach (teagasc)
- Scrúdaitheoir Seachtrach (taighde)
- Eagarthóir nó Comh-Eagarthóir ar irisleabhar mór idirnáisiúnta (faoi réir teorainneacha)
- Eagarthoir Eagrán Speisialta na móririsí idirnáisiúnta (faoi réir teorainneacha)
- Cathaoirleach Comhdhála, Cathaoirleach Eagrúcháin, Cathaoirleach an Chláir nó ról tábhachtach eile le comhdháil náisiúnta nó idirnáisiúnta (faoi réir teorainneacha)
- Ról tábhachtach i gcomhlachas acadúil nó gairmiúil nó i gcomhlacht seachtrach atá nasctha go soiléir le hobair san ollscoil (faoi réir teorainneacha)
- Cathaoirleach ar Athbhreithniú Cáilíochta inmheánach (painéal measúnóirí)
- Cathaoirleach ar Athbhreithniú Cáilíochta inmheánach (foireann féinmheasúnaithe)
- Cathaoirleach an Choiste Athbhreithnithe Institiúide
- Oifigeach Sábháilteachta an Aonaid